



Gaelscoil Thaobh na Coille

Giorraíonn Beirt Bóthar



Siúlóid Urraithe Scoile : School Sponsored Walk

Bhí an siúlóid urraithe scoile a eagraíonn Coiste na dTuistí go bliantiúil ar siúl ar an gCéadaoin seo thart, an 2 Bealtaine. Bhí an-áthas orainn an oiread sin paistí agus tuismitheoirí a fheiceáil sa scoil ag 8am an mhaidin sin. Cé gur mhothaigh sé níos cosúil le lá i mí Eanáir seachas i mí Bealtaine d'éirigh leis an ngrian briseadh amach as taobh thiar de na scamaill agus an teocht a ardú cúpla céim agus muid ag déanamh ár slí timpeall ar Bhaile Mhic Aogáin agus ar Bheallairmín. Bealach spraoiúil, sláintiúil, spleodrach ab ea í seo le tús a chur leis an lá do na daltaí agus do na tuistí araon! Buíochas le Coiste na dTuismitheoirí as an bhfeachtas tiomsaithe airgid bhliantiúil seo a eagrú don scoil. Buíochas freisin leis na tuismitheoirí ó R6 a chuidigh linn na bóithre ar fad ar an mbealach a thrasnú go sábháilte. Bheimís buíochach na cártaí urraithe ar fad a fháil ar ais roimh an 10 Bealtaine.

Our annual sponsored school walk, organised by Coiste na dTuistí took place on Wednesday morning the 2nd of May. We were delighted with the great turn out of pupils and parents on the morning. Even though it felt more like January than May as we set off just after 8am the sun managed to break its way out from behind the clouds and raise the temperature a little bit as we made our way around Aikens Village and Belarmine. This was a healthy and energising way for the children (and the adults) to start the day. Thanks to Coiste na dTuismitheoirí for organising this school fundraiser. Buíochas freisin to the tuismitheoirí from R6 who helped us cross all the road junctions safely. We would be grateful if all sponsorship cards could be returned by May 10th

Éide Scoile Samhraidh Summer Uniform



Tá an Samhradh tagtha ar deireadh thiar thall & tá súil againn go mairfidh sí! Nuair a bhíonn an aimsir the ann tá cead ag na páistí brístí gearra dubhghorm spóirt a chaitheamh ar scoil. Caithtear an bríste gearra leis an léine & leis an ngeansaí spóirt. Nuair a bhíonn an aimsir fliuch nó fuar ba cheart do na páistí an t-éide scoile iomlán a chaitheamh seachas ar an lá corpoideachas (Luan nó Aoine). Tá sé ceadaithe an t-éide scoile samhraidh a chaitheamh i mí Bealtaine Meitheamh agus Meán Fómhair, le cead na haimsire.

Summer has arrived at last and we hope it's here to stay! When we have fine, warm weather the children are allowed to wear navy sports shorts to school. They wear the shorts with their sports t-shirt and sports top. When the day is wet or cold they should wear their full school uniform to school except for the day on which they have P.E. (Monday or Friday) The pupils are allowed to wear the summer uniform in May and June and again in September, weather permitting.

Féilire 2018/2019



Do na tuismitheoirí sin in bhúr measc atá i bhfad chun tosaigh ar an gcuid eile againn agus atá ag pleanáil don scoil bhliain seo chugainn (agus an chuid eile againn fós ag iarraidh breith suas le 2018) tá cóip d'Féilire Scoile 2018/2019 ar fáil ar shuíomh ghréasáin na scoile.

For those extremely organised parents amongst you who are already making plans for the next school year (while the rest of us are trying to catch up with 2018) a copy of the 2018/2019 school calendar is available on the school website.



Maor Scoile School Warden

Tá maor tráchtá fostaithe ag dlr le cuidiú leis na páistí an bóthar idir Bhunscoil Oideachas le Chéile agus Ghaelscoil Thaobh na Coille a thrasnú go sábháilte agus iad ag déanamh a mbealach go dtí an scoil ar maidin agus arís ag am dul abhaile um thráthnóna

Dlr have employed a school warden to help the children cross the roadway between Stepside Educate Together and Gaelscoil Thaobh na Coille safely on their way to school in the mornings and as they make their way home again at the end of the day. Be sure to say 'Dia dhuit Gerry' and 'Go raibh maith agat' as he helps you along the way!

Bille Scoile 2018/2019

Beidh an bille scoile & liosta téacsleabhair do 2018/2019 ag dul amach gan mhoill. Iarraimid oraibh más féidir an t-íocaíocht seo a dhéanamh i bhfoirm seice nó i bhfoirm aistriú bainc ar líne - tuille eolais le teacht. *The school bill and textbook list for 2018/2019 will be issued shortly. We request that parents pay this bill by cheque or by on-line bank transfer where possible.*



Cúrsaí Spóirt : Sports News

Tá trialacha lúthchleasaíochta Seantraibh faoi lán tseoil faoi láthair. Ranganna 3-6 atá ag glacadh páirt i rásanna 100m, 600m, léimt fhada, léimt ard, caitheamh meácháin agus cliathrás. Beidh comórtais lúthchleasaíochta Cumann na mBunscol B.Á.C ar siúl ar an Luan an 21 Bealtaine (lúthchleasaíocht páirce) agus an Luan an 28 Bealtaine (lúthchleasaíocht traic)

Rang a 3-6 are participating in athletics trials at present in the hope of representing the school in Santry later this month. These trials include 100m, 600m, long jump, high jump, shot putt and hurdles. The Cumann na mBunscol B.Á.C. events will take place on Monday the 21st of May (field events) and on Monday the 28th of May (track events)



Tá foireann camógaíochta agus iomána na scoile tar éis ceathrú craobhacha Chumann na mBunscol a bhaint amach. Chríochnaigh an dhá fhoireann ar bharr na léige.

The school camogie and hurling teams have reached the quarter finals of their respective Cumann na mBunscol cup competitions. Both teams finished top of their leagues in the group stages.



Comórtas Claisceadail na Céime Choral Singing Competition



Buaiteoiri 2018 : Our Lady of the Wayside NS



R4B Gaelscoil Thaobh na Coille

Eagraíodh comórtas Claisceadail na Céime i nGaelscoil Thaobh na Coille don dara bhliain as a chéile ar an Mháirt 17 Aibreán. Comórtas é seo atá dírithe ar dhaltai R4. Cór ranga & ní cór scoile a ghlacann páirt sa chomórtas. Canann gach cór dhá amhrán traidisiúnta Gaeilge & is amhránaíocht gan tionlacan atá i gceist.

Ghlac 6 rang ó ceithre scoil logánta páirt i gComórtas Claisceadail na Céime 2018. Rang ó Scoil Mhuire & Bunscoil Eaglais na hÉireann agus 2 rang ó Scoil Mhuire Cois Bóthair & Gaelscoil Thaobh na Coille. Bhí an-chomórtas go deo ann agus amhránaíocht bhinn, bhriomhar le cloisteáil ó na grúpaí ar fad.

Bhí cinneadh an-deacair go deo le déanamh ag moltóir an chomórtais Maedhbh Uí Chiagáin ach ar deireadh chinn sí ar Chorn Claisceadail na Céime 2018 a bhronnadh ar rang 4 Scoil Mhuire Cois Bóthair faoi stiúir an Múinteoir Emma Dunne.

Comórtas Claisceadail na Céime was held for the second year running in Gaelscoil Thaobh na Coille on Tuesday 17 April. This is a choral singing competition for fourth class. Each choir or 'claisceadal' sing 2 traditional Irish songs (in Irish). The songs are sung unaccompanied, one song in unison & the second in unison or in two-part harmony.

A class each from St Mary's NS, Sandyford and Church of Ireland NS, Cill Tiarnan Kiltarnan and 2 classes from Our Lady of the Wayside NS, Kiltarnan & Gaelscoil Thaobh na Coille. It was a great competition with beautiful and expressive singing to be heard from each choir.

Our adjudicator Maedhbh Uí Chiagáin had the very difficult task of choosing the winning choir and in the end Ms Emma Dunnes's 4th class from Our Lady of the Wayside NS were named the Claisceadail na Céime 2018 winners.

Comhghairdeas mór leo.

Feis Átha Cliath Figure Dancing Feis

Bhí an-lá go deo ag daltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille amuigh sa Chlasach i nCluain Tarbh cúpla seachtain ó shin agus iad ag iomaíocht i bhfeis rince Feis Átha Cliath. Comórtas rince foirne do bhunscoileanna í seo agus bhí daltaí ó 6 bhunscoil éagsúil san iomaíocht. Ghlac daltaí na scoile páirt i gceithre Chomórtas: Corr Ceathrair do R3/R4, Cor Ceathrair R5/R6, an Cor Ochtar R3/R4 & an Cor Ochtar R5/R6. 60 dalta ar fad ó ranganna 4, 5 agus a 6 a bhí ag rince ar son na scoil sa bhfeis.

Bhí ríméad ar na páistí agus na múinteoirí agus iad ag fillleadh chun na scoile agus an 1 áit faighte acu i dtrí cinn de na comórtais agus an 2ú áit faighte acu sa cheann eile mar aon leis an t-uafás boinn eile! Míle buíochas leis an múinteoir rince Nuala Ní Eochaidh as an obair ar fad a dhéanann sí leis na páistí. Tá an t-ádh linn múinteoir chomh hálainn, chomh maith agus chomh díograiseach leí a bheith ag obair linn anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille.

The pupils of Gaelscoil Thaobh na Coille had a wonderful day in the Clasach in Clontarf a couple of weeks ago where they were competing in the Irish dancing feis 'Feis Átha Cliath'. This is a figure dancing competition for primary schools and there were 6 different schools competing on the day. Our pupils competed in 4 different competitions: the Four-Hand Reel for R3/R4, the Four-Hand Reel for R5/R6, the Eight-Hand Reel for R3/R4 & the Eight-Hand Reel for R5/R6. 60 pupils in all from 4th, 5th & 6th class in Gaelscoil Thaobh na Coille danced in the feis.

The pupils and the teachers were delighted and excited to return to the school after being placed 1st in three of the competitions and 2nd in the other as well as several other placings in each of the competitions. Míle buíochas to our múinteoir rince Nuala Ní Eochaidh for all the work she does with the children. We are so lucky to have such a wonderful, kind and diligent teacher working with us here in Gaelscoil Thaobh na Coille.



Roinnt Scéalta Ranga Some Class News

R1A Tá 10 gcruimh chabáiste ag R1A. Tá ceann amháin beagnach réidh len athrú isteach ina féileacán.

R1B Beidh R1B ag tabhairt faoi thionscamh a dhéanamh ar an Titanic.

N2A Beidh Len agus Jen ag dul abhaile go tithe na bpáistí go luath. Beidh go leor scéalta len insint acu ansin!

N2B Is maith le N2B a bheith ag féachaint ar an teilifís. Tá teilifís dá gcuid féin á dhéanamh acu don seomra ranga!

R2A Is breá le R2A a bheith ag léamh. Tá go leor leabhair deasa sa leabharlann ranga.

R2B Tá R2B ar bís mar go mbeidh an Chéad Chomaoineach á ghlacadh acu ar an Satharn seo.

R4A Is breá le R4A nuair a fhaigheann siad an deis obair a dhéanamh ar na i-padanna scoile. Tá scéalta á scríobh acu orthu faoi láthair.

R4B Bíonn an-chuid ceoil ar siúl i R4B. Is breá leis an rang an amhrán 'Foirfe' le Ed Sheeran a chanadh.

R5A Beidh R5A ag dul go Ysgol Cymraeg Morswyn sa Bhreatain Bheag. Tá litreacha scríofa acu ag na páistí sa scoil sin agus tá siad ag súil le litreacha a fháil ar ais uatha siúd go luath.

R5B Tá R5B ag baint an-taitneamh as drámaí beaga a dhéanamh sa rang. Tá siad ag obair ar dhráma darbh ainm 'Cad a tharla don Mháistir Seán?' i láthair na huaire.



I-Padanna

Tá infheistiú mór déanta ag an scoil sa TFC & trolaí I-padanna (16 cinn) ceannaithe don scoil. Tá an-taitneamh á bhaint ag na páistí as a bheith ag obair leo 'sna ranganna.

The school has invested in ITC recently by purchasing an I-pad trolley containing 16 I-pads. The children are really enjoying working with them in class.



Dátaí don Dialann

Leathanach 4

Naíonáin Shóisearacha

2018/2019

11/06/2018

1pm - 2pm

Tabharfaidh na páistí a bheidh ag tosú sa scoil i rang na naíonáin i mí Meán Fómhair 2018 cuairt ar ar scoil ar an Luan an 11 Meitheamh. Buailfidh siad lena gcuid comhscóláirí agus caithfidh siad roinnt ama ag súgradh sa seomra ranga.



Next year's junior infants are invited to visit the school on Monday the 11th of June where they will meet their fellow classmates and spend some time playing in their classroom.

Seó Talainne 2018 Talent Show



Dé hAoine

08 Meitheamh

12.00 a chlog

Halla na Scoile

Fáilte roimh

Thuismitheoirí

Parents Welcome

Dátaí do Dialann Dates for Your Diary

- 12/05/18 R2A/R2B Céad Chomaoineach 11am Áth an Ghainimh
- 15/05/18 Griangrafadóir *Photographer* R2A/R2B Céad Chomaoineach
- 18/05/18 R3A/R3B Turas Ranga *Class Tour* - Squirrel Scramble
- 18/05/18 R2B Siúlóid Sléibhe *Hill Walking*
- 20/05/18 Lúthchleasaíocht Páirce Cumann na mBunscol *Athletics Field Events*
- 23/05/18 Cruinniú Tuismitheoirí Naíonáin Shóisearacha 2018/2019 8pm
- 23/05/18 R1A - Siúlóid Sléibhe *Hill Walking*
- 24/05/18 R4A/R4B Turas Ranga *Class Tour* – Carnabhal na nGaelscoileanna
- 25/05/18 R2A/R2B Turas Ranga *Class Tour* – Ionad Náisiúnta Spóirt
- 28/05/18 Lúthchleasaíocht Traic Cumann na mBunscol *Athletics Track Events*
- 28/05/18 R1B - Siúlóid Sléibhe *Hill Walking*
- 30/05/18 R3 go R6 Tráth na gCeist Clainne *Family Table Quiz* 7pm
- 30/05/18 **Lá Spóirt Sports Day N1 – N2 Céadaoin 12.30pm**
- 31/05/18 **Lá Spóirt R1 - R6 Sports Day Déardaoin 1.00pm**
- 01/06/18 Lá Saoire - Scoil Dúnta *School Closed*
- 04/06/18 Lá Saoire Poiblí – Scoil Dúnta *School Closed*
- 05/06/18 Lá Saoire – Scoil Dúnta *School Closed*
- 06/06/18 R2A/R2B - Cuairt ar Aerpháirc Bhaile Uí Dhónaill (*Casemont Aerodrome*)
- 07/06/18 R6A/R6B Turas Ranga *Class Tour* Ionad Eachtraíochta an Dún Mhóir
- 08/06/18 **R3 – R6 Seó Tallainne Talent Show**
- 11/06/18 N2A/N2B Turas Ranga *Class Tour* Ionad Oidhreacht Lullymore
- 11/06/18 Cuairt Naíonáin Shóisearacha 2018/2019 chun na scoile 1pm - 2pm
Junior Infants 2018/2019 visit the school 1pm - 2pm
- 12/06/18 Cuairt Ysgol Gymraeg Morswyn go Gaelscoil Thaobh na Coille (R5A)
Pupils from Ysgol Morswyn Gymraeg in Wales visit the school
- 14/06/18 Bliots Camógaíochta eagraithe ag *Kilmacud Crokes* (R3 go R6)
- 19/06/18 Feis Rince Scoile R3 - R6
- 20/06/18 Feis Rince Scoile R1 - R2
- 20/06/18 R5A Turas Ranga *Class Tour* Ysgol Gymraeg Morswyn *Wales*
- 20/06/18 R5B Turas Ranga *Class Tour* Turas Rúnda!
- 26/06/18 R2A Siúlóid Sléibhe *Hill Walking*
- 27/06/18 N1A/N1B/N1C Turas Ranga *Class Tour* Feirm Ghleann Rua
- 27/06/18 R6A/R6B Ceiliúradh Cinn Chúrsa *Graduation*
- 29/06/18 Scoil ag dúnadh ag 12 do Shaoire an tSamhraidh
School closing at 12 for Summer Holidays
- 31/08/18 **Dé hAoine 31 Lúnasa** scoil ag athoscailt don scoil bhliain nua 2018/2019
Friday 31 August School Re-Opening for 2018/2019 school year